Scrúduithe na hardteistiméireachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi athruithe ar amchlár na hardteistiméireachta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh brí na bhfocal seo leis an duine in aice leat. Tabhair buille faoi thuairim mura bhfuil sibh cinnte:

Barraíocht
Traochta
Ualach
Go mórmhór
Fógraíodh
I bhfeidhm
Trí cheathrú
Lucht
Aire Oideachais agus Eolaíochta
Céim chun feabhais

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Ceist 2 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An síleann tú go bhfuil scrúduithe na hardteistiméireachta ródhian ar dhaoine óga?
An é do bharúil go bhfuil dhá scrúdú sa lá iomarcach?
An síleann tú go bhfuil scrúduithe na hardteistiméireachta cothrom, an dtugann siad an seans céanna do gach duine leanúint ar aghaidh le hoideachas tríú leibhéal?

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad iad na hathruithe atá déanta ag an Aire, Mary Hanafin ar amchlár scrúduithe na hardteistiméireachta?

2. Cén fáth a raibh daltaí chomh tuirseach sin le linn an chéad chúpla lá de na scrúduithe?

3. Cad atá le rá ag na daoine áirithe seo?

   Mary Hanafin
   Seán Ó Leidhin
   Dalta scoile 1
   Dalta scoile 2

Ceist 4 '. . . *an brú* agus *an t-ualach*. . .'

Cad é an inscne atá ag na focail thuas? Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuir an t-alt roimh na focail thíos:

uisce	_____
iris	_____
bád	_____
cúis	_____
saoire	_____
sos	_____
Gaeilge	_____
Béarla	_____

Ceist 5 ‘*Ciallaíonn* sé sin go mbeidh. . .’
‘. . . *a chuireann* fáilte roimh. . .’

Ag obair leis an duine in aice leat féachaigí ar na briathra atá i gcló Iodálach thuas. Cén aimsir a bhfuil siad ann? Cén fáth nach ionann na deirí?

Déan liosta de na briathra mírialta sa Ghaeilge agus scríobh an fhoirm cheart den chéad phearsa do gach briathar. Ansin labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an bhfuil na freagraí céanna agaibh.

Fréamh	**An chéad phearsa**
Bí	Bím
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Barraíocht	Too much
Traochta	Exhausted
Ualach	Burden
Go mórmhór	Especially
Fógraíodh	It was announced
I bhfeidhm	Enforced
Trí cheathrú	Three quarters
Lucht	Category of people
Aire Oideachais agus Eolaíochta	Minister of Education and Science
Céim chun feabhais	A step forward

Ceist 2
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 3
1. Dúirt an tAire nach ar an lá céanna a bheidh ar dhaltaí na páipéir Bhéarla a dhéanamh ar fad as seo amach.
2. Tá scoláirí ag tabhairt amach le blianta go mbíonn i bhfad barraíocht scríbhneoireachta le déanamh acu sa chéad cúpla lá den ardteist gach bliain agus go mbíonn siad traochta tuirseach dá bharr.
3. **Mary Hanafin**: Ar an gcéad lá beidh Béarla ar siúl ag beagnach gach aon duine agus ansin beidh *Home Economics/Social and Scientific* sa tráthnóna. Ciallaíonn sé sin go mbeidh trí cheathrú de na daltaí ag fáil leath lá ar an gcéad lá agus ansin an lá ina dhiaidh sin beidh an dara páipéar Béarla agus ansin beidh Ceimic ag dul leis agus arís níl an méid céanna daltaí ag déanamh Ceimice is atá ag déanamh mar shampla, Béarla nó Mata.
Seán Ó Leidhin: Is dóigh liomsa aon chóras a laghdaíonn an brú agus an t-ualach atá ar lucht scrúduithe go mórmhór lucht ardteistiméireachta is céim chun feabhais é agus tá an tAire seo le moladh go mór toisc go ndeachaigh sí i ngleic leis na hathruithe sin.
Dalta 1: Is dóigh liom gur athrú chun feabhais atá san athrú seo ar an amchlár don ardteist de bharr nach mbeidh Béarla agus Gaeilge lena chéile sa chéad trí lá agus go gcabhróidh sé go mór leis an strus ar fad a bhaineann leis an ardteist.
Dalta 1: Tá mise iomlán sásta leis, tá sé feicthe agam agus sílim tar éis aghaidh a thabhairt ar an gclár ama, níl agam ach lá amháin iomlán san ardteist ar fad. Tá na hathruithe go hiontach ar fad.

Ceist 4
Is focail fhirinscneacha iad ‘brú’ agus ‘ualach’.

uisce(f)	**an t-uisce**
iris(b)	**an iris**
bád(f)	**an bád**
cúis(b)	**an chúis**
saoire(b)	**an tsaoire**
sos(f)	**an sos**
Gaeilge(b)	**An Ghaeilge**
Béarla(f)	**An Béarla**

Ceist 5
Mínigh dóibh go bhfuil siolla amháin san fhocal **cuir** agus dhá shiolla san fhocal ciallaigh agus go gcuirtear deirí difriúla leo san Aimsir Láithreach

siolla amháin = -im/-eann agus -aim/-ann
dhá shiolla = -ím/-íonn agus -aím/-aíonn

Fréamh	**An chéad phearsa**
Bí	Bím
Téigh	Téim
Faigh	Faighim
Abair	Deirim
Tar	Tagaim
Beir	Beirim
Ith	Ithim
Feic	Feicim
Clois	Cloisim
Déan	Déanaim
Tabhair	Tugaim

Eimear Ní Chonaola
Tá athruithe déanta ag an Aire Oideachais Mary Hanafin ar amchlár scrúduithe na hardteistiméireachta. Dúirt an tAire nach ar an lá céanna a bheidh ar dhaltaí na páipéir Bhéarla a dhéanamh ar fad as seo amach. Tá fáilte curtha ag Cumann na Meánmhúinteoirí roimh an bhfógra. Tá tuairisc ag Peadar Mac Goithín.

Peadar Mac Goithín
Tá scoláirí ag tabhairt amach le blianta go mbíonn i bhfad barraíocht scríbhneoireachta le déanamh acu sa chéad cúpla lá den ardteist gach bliain agus go mbíonn siad traochta tuirseach dá bharr. Ach tá athrú chun teacht air seo ón bhliain seo chugainn ar aghaidh.

Mary Hanafin, TD, Aire Oideachais agus Eolaíochta
Ar an gcéad lá beidh Béarla ar siúl ag beagnach gach aon duine agus ansin beidh *Home Economics/Social and Scientific* sa tráthnóna. Ciallaíonn sé sin go mbeidh trí cheathrú de na daltaí ag fáil leath lá ar an gcéad lá agus ansin an lá ina dhiaidh sin beidh an dara páipéar Béarla agus ansin beidh Ceimic ag dul leis agus arís níl an méid céanna daltaí ag déanamh Ceimice is atá ag déanamh mar shampla, Béarla nó Mata.

Peadar Mac Goithín
Tá foireann agus daltaí Choláiste Eoin agus Choláiste Íosagáin i mBaile Átha Cliath ina measc siúd a chuireann fáilte roimh na hathruithe úra.

Seán Ó Leidhin, Príomhoide, Coláiste Eoin
Is dóigh liomsa aon chóras a laghdaíonn an brú agus an t-ualach atá ar lucht scrúduithe go mórmhór lucht ardteistiméireachta is céim chun feabhais é agus tá an tAire seo le moladh go mór toisc go ndeachaigh* sí i ngleic leis na hathruithe sin.

Dalta 1
Is dóigh liom gur athrú chun feabhais atá san athrú seo ar an amchlár don ardteist de bharr nach mbeidh Béarla agus Gaeilge lena chéile sa chéad trí lá agus go gcabhróidh sé go mór leis an strus ar fad a bhaineann leis an ardteist.

Dalta 2
Tá mise iomlán sásta leis, tá sé feicthe agam agus sílim tar éis aghaidh a thabhairt ar an gclár ama, níl agam ach lá amháin iomlán san ardteist ar fad. Tá na hathruithe go hiontach ar fad.

Peadar Mac Goithín
Caoga is a dó míle dalta a cuireadh faoi scrúdú na hardteistiméireachta i mí an Mheithimh seo caite. Dá mbeadh na hathruithe a fógraíodh inniu i bhfeidhm ag an am sin ní bheadh ach ar nócha dalta daoibh sin na scrúduithe ar fad atá ar an chlár ama atá sa chéad trí lá anois a shuí.

Peadar Mac Goithín, Nuacht TG4.

**gur chuaigh* a deirtear sa chanúint